

Athrú Aeráide **2** **Ceartas** Aeráide

Is féidir linn an éagóir aeráide a leigheas

Bí linn



Acmhainn Oideachais do
Bhunscoileanna

Conas an Acmhainn Seo a Úsáid

Leanann an acmhainn seo leis an obair ó Charghas 2015 'Athrú Aeráide, Ceartas Aeráide'. Is féidir é sin a íoslódáil ag: trocaire.org/education/lent2015. Ba mhaith an rud é an dá acmhainn a úsáid i dteannta a chéile.

Bhain acmhainn na bliana seo caite le tuairimí faoi athrú aeráide, agus ceartas aeráide, agus leis an tionchar atá ag an athrú aeráide ar phobail an domhain. Cuirfidh an acmhainn seo ar bhur gcumas taighde níos doimhne a dhéanamh ar an tionchar atá ag an athrú aeráide ar phobail an domhain. Iarrann sé ar na daltaí páirt a ghlacadh sa troid ar son cheartas aeráide.

Molann an acmhainn seo gníomhaíochtaí a bheadh oiriúnach don Bhunscoil Sóisir/ Eochair-Chéim 1 agus don Bhunscoil Sinsir/ Eochair-Chéim 2. Má bhíonn ranganna naíonán agaibh, tá acmhainní do na Luathbhlianta ar fáil ag: trocaire.org/education/lent2016.

Is próiseas cruthaitheach é an tOideachas Forbartha (OF) a chuireann le tuiscint na ndaltaí maidir leis an domhan idirnasctha, trí fhoghlaim ghníomhach a chur ar fáil dóibh. Cuireann an OF dúshlán roimh an steiréitíopáil, agus tugann sé misneach do dhaoine

Deilbhíní leis an acmhainn seo



Baineann an deilbhín seo leis an iarracht 'An Duais Domhan Níos Fearr', duais a aithníonn an obair atá á dhéanamh ag na daltaí agus iad ag déileáil leis na gníomhaíochtaí a bhaineann leis na hacmhainní seo.



Tugann an deilbhín seo tú chuig trocaire.org/education/lent2016, áit ina mbíonn acmhainní oideachais ar fáil.



Sonraí faoi athrú aeráide.

feidhmiú ar son an domhain chóir. Tá moltaí thíos faoin mbealach ina bhféadfaí comhtháthú a dhéanamh idir théama an cheartais aeráide agus gnéithe eile den churaclam. Beidh cuid de na téamaí seo le fáil anois is arís i measc na n-acmhainní.



Iniúchadh ar Bheochaintí



Is áis úsáideach í an bheochan a chabhróidh libh scrúdú a dhéanamh ar choincheap an athraithe aeráide agus ar choincheap an cheartais aeráide leis an rang. Tabharfaidh *CJ the bee* na mic léinn ar thuras a mhíneoidh an fáth leis an athrú aeráide agus an tionchar atá aige ar phobal an domhain.

Téigh chuig: trocaire.org/education/lent2016 áit inar féidir dhá bheochan a íoslódáil: 'Míniú ar an Athrú Aeráide' agus 'Míniú ar an gCeartas Aeráide'.



Téigh chuig vimeo.com/trocaire tá breis físeán oideachais ar fáil ann.

Bunscoil Shóisearach

Poblacht na hÉireann: Eolaíocht – Feasacht Chomhshaoil agus Aire; Aire don Timpeallacht Áitiúil

Tuaisceart Éireann: An Domhan Thart Timpeall Orainn; Ionad; Athrú le ham

Athrú Aeráide: Míniú

Déan an bheochan a thaispeáint ina dhá chuid:

Cuid a hAon

Déan an aimsir faoi láthair a phlé. Bí ag caint faoi aeráidí éagsúla an domhain. Déan an bheochan a thaispeáint. Cuir ar sos é ag 1:10. Iarr ar na daltaí an difríocht idir aeráid agus aimsir a thabhairt chun cuimhne. Déan plé faoin atmaisféar, an clúdach ollmhór a thimpeallaíonn an domhan.

Cuid a Dó

Cad iad na haireagáin nua atá ann nach raibh aon eolas orthu 200 bliain ó shin. Conas a chuirtear ar siúl iad (leictreachas)? Míniú d'fhéadfadh go ngineann breosla iontaise formhór an leictreachais. Cuir ceist fhócais ar na mic léinn agus iad ag breathnú ar Chuid a Dó m.sh. *cad a tharlaíonn nuair a thiubhaíonn atmaisféar an domhain?* Lean leis an mbeochan ó 1:10.

Ceartas Aeráide: Míniú

Déan suíomh na dtíortha seo: Éire, Na Filipínigh, An Phacastáin, An Chéinia ar léarscáil an domhain a phlé. Déan an rang a roinnt i gceithre chuid, iad le scrúdú a dhéanamh ar cheann de na tíortha sin. Spreag na daltaí le heolas a bhailiú ón mbeochan, faoin tír a tugadh dóibh, agus le cur in iúl don rang cén tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide orthu.

Bunscoil Shinsearach

Poblacht na hÉireann: Eolaíocht – Feasacht Chomhshaoil agus Aire; Eolaíocht agus an Timpeallacht

Tuaisceart Éireann: Teanga agus Litearthacht; Caint agus Éisteacht; An Domhan Thart Timpeall Orainn; Ionad; Athrú le ham

Athrú Aeráide: Míniú

Dírigh aire na ndaltaí ar an dá cheist seo sula mbreathnaíonn siad ar na beochaintí 1: *Cad is timthriall carbóin ann?* 2: *Cad is breosla iontaise ann?* I ndiaidh dóibh an scannán a fheiceáil, freagair na ceisteanna ina mbeirteanna. Má bhíonn freagra 1 acu, seasadh daoine ar clé, má bhíonn freagra 2 acu seasadís ar dheis.

Spreag na mic léinn leis na freagraí a mhíniú don rang. Cuir ceisteanna oscailte orthu ionas go gcuimhneoidh siad ar an eolas a bhain leis an mbeochan.

Ceartas Aeráide: Míniú

Cuir léarscáil an domhain ar taispeáint. Labhair faoi: meánchiorcal, an domhan ó thuaidh an domhan ó dheas. Déan aeráidí éagsúla an domhain agus conas a éiríonn siad níos fuaire de réir mar a imítear ón mheánchiorcal. Déan an rang a roinnt i gceithre chuid, iad le scrúdú a dhéanamh ar cheann de na tíortha seo: Éire, Na Filipínigh, An Phacastáin, An Chéinia. Conas mar a bheadh an aeráid sna tíortha sin, bunaithe ar an fhad ón mheánchiorcal? Cuir an bheochan ar siúl. Spreag na daltaí le nótaí a ghlacadh faoin tír a tugadh dóibh, agus tuairisc fúithi a chur os comhair an ranga.

Scríobh script agus léigh i bhfoirm tuairisc nuachta í.



Déan foghlaim na ndaltaí a mheas. Scríobh cuid eochairfhocail ar an gclár agus iarr ar na daltaí sceitseáil ón mbeochan. Cuir isteach ar an duais 'Domhan Níos Fearr'.



Táimid 95% cinnte de go gcuireann an ghníomhaíocht dhaonna leis an athrú aeráide.¹

1. Painéil idir-rialtasach an Athraithe Aeráide ipcc.ch

Grianghraif a Phlé



Tá breis grianghraif agus gníomhaíochtaí ar fáil ag: trocaire.org/education/lent2016



Glac grianghraif le cur isteach ar an duais Domhan Níos Fearr.



Is í an Bhangladéis an tír is mó atá i mbaol de bharr leibhéal ard bochtaineachta, spleáchas ar fheirmeoireacht agus baol tuilte.²

2. Athrú Aeráide Innéacs Leochaileachta 2011, maplecroft.com

Is áisiúil an rud é grianghraf le díospóireacht a spreagadh i measc daltaí an ranga. Má bhainimid úsáid as grianghraif agus as aon chás-staidéar atá istigh leis an áis oideachais seo is féidir le daltaí an ranga tuiscint a bheith acu ar an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar pháistí a chónaíonn sna tíortha éagsúla thar lear. Déan na daltaí a spreagadh le go ndéanfaidís scagadh criticiúil ar cheist an cheartais aeráide. Bíodh plé cóirlárnach ann faoi na ceisteanna. *Cé atá freagrach? Cé a bhaineann leas as? Cé a íocann as? An toradh cothrom é seo? Cé a chuirfeadh athrú ar an scéal seo?*



Bunscoil Shóisearach

Poblacht na hÉireann: OSPS – Mé féin agus an domhan i gcoitinne; Saoránacht a Chothú
Tuaisceart Éireann: An domhan móorthimpeall orainn; Mise ar domhan; Forás Pearsanta

Tuairisciú

Déan ceithre chuid as an rang agus bronn grianghraf ar gach aon ghrúpa. Spreag iad le cur síos ar na grianghraif. Cuiridís a gcuid smaointe os comhair an ranga. Cum ceisteanna maidir le hábhar an ghrianghraif.

Gaol a Aithint

Chuir ceithre ghrianghraf ar taispeáint ar an mballa. Spreag na daltaí le dul thart agus na pictiúir a iniúchadh go grinn. Iarr orthu seasamh in aice le grianghraf a chuireann rud ina saol féin i gcuimhne dóibh. Bíodh comhrá i measc daltaí ag an bpictiúir céanna faoi na fáthanna leis an rogha sin. Is féidir aiseolas a thabhairt don rang i gcoitinne. Cad iad na gnéithe de na grianghraif a bheadh éagsúil óna saol féin?

Tionchar an Athraithe Aeráide

Léigh amach an cás-staidéar atá scríofa ar chúl ghrianghraif. Iarr ar na daltaí an t-eolas seo a thabhairt chun cuimhne agus cur síos á dhéanamh ar na bealaí éagsúla ina mbíonn tionchar ag an athrú aeráide ar shaol na ndaoine sa chás-staidéar. Cén tionchar atá ag an athrú aeráide ar shaol na ndaltaí sa rang seo?

Bunscoil Shinsearach

Poblacht na hÉireann: OSPS – Mé féin agus an domhan i gcoitinne; Saoránacht a Chothú
Tuaisceart Éireann: An domhan móorthimpeall orainn; Mise ar domhan; Forás Pearsanta

Roghnú

Leag grianghraif anuas ar an urlár. Lig do na daltaí dul thart agus grianghraf a roghnú a thugann rud áirithe chun cuimhne, taithí shaoil, leabhar a léigh duine, mír theilifíse. Roinn smaointe le daoine eile a roghnaigh an pictiúr sin. Bíodh plé ann i measc daltaí maidir leis an chosúlacht atá ann idir stair an ghrianghraif agus saol na ndaltaí.

Ceistiú

Tabhair leathanach fairsing do gach aon ghrúpa. Cuiridís grianghraf sa lár, agus scríobhaidís aon cheist a thagann chucu in aice leis. Spreag iad le ceisteanna oscailte agus le ceisteanna dúnta a chur, m.sh. *Cé mhéad atá sa teaghlach? Cad a dhéanann sona í?*

Tionchar an Athraithe Aeráide

Léadh na mic léinn an cás-staidéar atá scríofa ar chúl ghrianghraif. Déan dhá cholún ar chúl an leathanaigh thuas. Sa chéad cholún déan liosta de na bealaí ina mbíonn tionchar ag an athrú aeráide ar an duine sa chás-staidéar. Sa dara cholún déan cur síos ar na bealaí ina mbíonn tionchar ag an athrú aeráide ar a saol féin.

Fócas ar an Chéinia



Déan íoslódáil ar an gcur i láthair PowerPoint don Bhunscoil Shóisearach nó don Bhunscoil Shinsearach, le bealaí ina mbíonn an t-athrú aeráide ag cur isteach ar shaol Daisy agus Amos ón Chéinia a aimsiú. Tabhair le fios do na leanaí nach bhfuil anseo ach taithí amháin teaghlaigh ón Chéinia. Bíonn taithí saoil éagsúil ag daoine eile sa tír sin. Is tábhachtach an rud é dúshlán a chur roimh steiréitíopáil a dhéanadh na mic léinn faoin Chéinia i gcoitinne. Tabhair le fios dóibh go bhfuil go leor cosúlachtaí ann idir muintir na hÉireann agus an Chéinia. Is saoránaigh dhomhanda iad Daisy agus Amos, iad ar chomhcheim linn féin, tá na cearta daonna céanna acu agus atá againne. Aimsigh an phríomhchúis atá leis an fhadhb seo trí bheith i gcónaí ag cur na ceiste: *cén fáth?*

Déan íoslódáil ar an gcur i láthair PowerPoint ag: trocaire.org/education/lent2016/primary

Bunscoil Shóisearach

Poblacht na hÉireann: Tír Eolas –
Timpeallacht Dhaonna; Daoine agus ceantair i gcéin

Tuaisceart Éireann: Forás Pearsanta;
Tuiscint i measc an Phobail Áitiúil agus sa Mhórthimpeallacht

Má tá rang naíonán agat téigh chuig: trocaire.org/education/lent2016 le háiseanna don Luathfhoghlaim a fháil, le gníomhaíochtaí a chur ar bun a chuirfeadh le foghlaim na leanaí.

Déan an cur i láthair PowerPoint a thaispeáint. Spreag díospóireacht trí cheisteanna oscailte a chur. Cad iad na cosúlachtaí atá ann idir shaol Daisy agus a saol féin?

- *Bhfuil rud ar bith anseo mar atá i do shaol féin?*
- *Conas mar a mhothaíonn Daisy? Cén Fáth?*
- *Conas mar a mhothófa dá mbeifeá féin sa ghrianghraf?*

Múineann an *Just Children* story sack dúinn faoin tsaoránacht domhanda, an clár curtha le chéile ag Trócaire agus ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach. Tugann an scéal Mama Panya's Pancakes tacaíocht do na leanaí 3–6 bliana dul i ngleic le cúrsaí cheartais dhomhanda. Scéal ón Chéinia atá ann, agus tá cur síos ar Adika bheith ag dul chun aonaigh lena máthair. Téigh chuig: trocaire.org/education/partnerships le cóip a ordú.

Bunscoil Shinsearach

Poblacht na hÉireann: Tír Eolas –
Timpeallacht Dhaonna; Daoine agus ceantair i gcéin

Tuaisceart Éireann: Forás Pearsanta;
Tuiscint i measc an Phobail Áitiúil agus sa Mhórthimpeallacht

Déan an cur i láthair PowerPoint a phlé leis an rang ina dhá chuid.

Ceacht a hAon

Taispeáin na sleamhnáin 1–5 ar an gclár bán idirghníomhach. Cuireann siad eolas maidir leis an Chéinia i láthair. Roinn an rang ina ngrúpaí agus tabhair topaic an ghrúpa dóibh. Déan taighde maidir le: aeráid, bia, teanga, traidisiúin, ceol, rince. Breac síos ar chairt an t-eolas atá acu, an t-eolas a bheadh uathu, agus nuair a bhíonn an taighde déanta, an t-eolas a bhailíodar. Cuir os comhair an ranga é.

Ceacht a Dó

Taispeáin na sleamhnáin 6–15 ar an gclár bán idirghníomhach. Déanann siad cur síos ar an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar Amos ó thuath na Céinia. Bain úsáid as an gcur i láthair PowerPoint le díospóireacht a spreagadh. Iarr ar na mic léinn cur i láthair PowerPoint den saghas céanna a chruthú le heolas ann faoi Éirinn agus faoina saol féin. Glac grianghraif agus déan taifead. Roinn an t-eolas i measc mhuintir na scoile agus leis na tuismitheoirí.



Déan íoslódáil ar an gcur i láthair PowerPoint ag: trocaire.org/education/lent2016/primary



Déan an cur i láthair PowerPoint ó cheacht a dó a chur isteach ar an duais 'Domhan Níos Fearr'.



Gineann an gnáthduine in Éirinn an méid CO2 agus a ghineann tríocha duine sa Chéinia.³

3. *Mothaigh an Teas*, Trócaire, 2014.



Breathnaigh ar shuímh na gcomhlachtaí móra tae, le fáil amach cad as a dtagann an tae. An dtacaíonn siad leis na táirgeoirí tae?



Glac grianghraif pictiúr reoite ó scéal Julius agus cuir chuig Trócaire iad mar chuid den chomórtas 'Domhan Níos Fearr'.



Cuireann 85% d'Aetópaigh fúthu faoin tuath agus bíonn siad spleách ar an fheirmeoireacht mar shlí bheatha.⁴

4. *Mothaigh an Teas*, Trócaire 2014.

Fadhb a Iniúchadh tríd an Drámaíocht

Bunscoil Shinsearach

Poblacht na hÉireann: Drámaíocht – Drámaíocht le Mothúcháin a Chíoradh, Smaointe agus Eolas a Chuirfeadh leis an Tuiscint; Taighde le Dráma a Chruthú

Tuaisceart Éireann: Na hEalaíona; Drámaíocht le Mothúcháin a Chíoradh, Smaointe agus Eolas a Chuirfeadh leis an Tuiscint

Déan an téarma 'imirce' a phlé leis na mic léinn.

Cad is brí le himirce? An bhfuil aithne agatsa ar dhuine a chuaigh ar imirce? Cén fáth a mbeadh brú ar dhaoine dul ar imirce? An raibh ré ann i stair na hÉireann inar cuireadh iallach ar dhaoine bheith ar imirce? Cad é an difríocht idir imirceach agus teifeach?

Cuir an Fhadhb seo os Comhair na nDaltaí

Julius is ainm duit. Tá tú breis agus caoga bliain d'aois. Cuireann tú fút i dtuath na Céinia le do bhean Teresina agus beirt mhac, Antony agus Amos. Feirmeoir atá ionat. Bíonn sibh ag brath ar na barraí a fhásann sibh. Díoltar cuid de na barraí le hairgead a dhéanamh chomh maith. Tháinig athrú ar an aeráid le blianta beaga anuas. Ní thiteann an méid céanna báistí agus a bhíodh ann tráth. Níor fhás na barraí i mbliana. Níl go leor airgid ann le Antony agus Amos a chur ar scoil. Bíonn ocras ort féin agus ar an teaghlach uaireanta. Bíonn do chara ag obair ar fheirm mhór ina bhfástar tae, turas bhus sé huair a' chloig uaibh. Cuirtear an tae thar lear chuig an Eoraip. Bíonn soláthar maith uisce a thagann trí phiopaí ollmhóra, leis an tae a fhás ar an fheirm. D'fhéadfadh do chara féachaint chuige go mbeadh obair ann duit. Bheadh luach saothair maith ann, ach bheadh ort cónaí ar an fheirm toisc nach bhfuil carr agat. Ní bheadh ar do chumas ach filleadh ar an mbaile uair sa ráithe. Níl fonn ort cúl a thabhairt le do mhuintir. Céard a dhéanfaidh tú?

Eagraigh na daltaí ina bpéirí, agus tabhair ceann de na ról seo an phéire dóibh:

- | | | |
|-------------|-----------------|--------------------------|
| 1. Amos | 4. Oide Scoile | 7. Táirgeoir Tae |
| 2. Teresina | 5. Comharsa | 8. Cara Dhaid |
| 3. Antony | 6. Tiománaí Bus | 9. Tomhaltóir Éireannach |

Iniúchadh ar an Fhadhb

- Bíodh mac léinn áirithe i bpáirt Julius.
- Bíodh na mic léinn atá gan ról ar bith mar 'ghiúiré'.
- Ina mbeirteanna, caithfidh na daltaí smaoineamh ar bhealaí ina gcuirfidís ina luí ar Julius fanacht sa bhaile, nó dul ag obair ar an fheirm thae. Nuair a bhíonn an argóint thart, déan pictiúr reoite a chruthú in áit oiriúnach.
- Rachaidh Julius thart ag déanamh teagmháil leis na péirí, ag éisteacht leis an argóint. Nuair a bhíonn ráite ag na cúplaí, tagann siad as na ról agus suíonn síos.
- Téann Julius faoi dhiancheistiú ansin, iarrann an 'giúiré' air a chuid smaointe a nochtadh, conas mar a mhothaíonn sé.

Cinneadh a Dhéanamh

- Iarr ar an 'giúiré' suí síos i gciorcail i lár an tseomra.
- Bíodh an chuid eile den rang ina dtost, agus iad ina suí thart orthu i gciorcail níos mó.
- Déanfaidh an 'giúiré' na snáitheanna argóinte éagsúla a phlé lena chéile, chomh maith le tuairimí Julius agus déanann siad cinneadh faoin todhchaí. Bíodh ceisteanna dá leithéidí seo mar threoir acu: *Cad a tharlódh i gceann sé mhí mura bhfágfadh Julius an baile? Conas a bheadh dá mbeadh an obair fheirme an-dian?*

Machnamh

- Iarr ar na mic léinn ciorcail mór amháin a dhéanamh. Déan díospóireacht a éascú maidir leis an gcóras faoi chinneadh a dhéanamh.
- Téann na daltaí i gceathrair, le pictiúr reoite a chruthú den suíomh a bheadh ann i gceann cúig bliana, cuir i gcás.
- Téigh thart agus iarr ar dhaltaí éagsúla a rá cé hiad féin agus na smaointe a thagann chucu a roinnt le cách.
- Fill ar an seomra ranga agus iarr ar na daltaí ról a roghnú agus tuairisc dhialainne a scríobh a léiríonn dearcadh an duine sin. Conas mar a mhothaigh siad sular glacadh cinneadh ar bith, agus ina dhiaidh sin?

Bí Gníomhach

Caithfimid gníomhú in aghaidh an athraithe aeráide, agus troid ar son an cheartais aeráide. Téigh chuig leathanach 16 den acmhainn oideachais a chuir Trócaire ar fáil don Charghas 2015 d'fhonn réiteach a fháil maidir le hathruithe aeráide agus le gníomhaíochtaí a aimsiú a chabhródh le dalta a bheith mar Laoch an Cheartais Aeráide. Is féidir an acmhainn seo a íoslódáil ag: trocaire.org/education/lent2015/primary.

Comórtas Póstaer

Poblacht na hÉireann: Na hamharcealaíona – Líníocht; Pictiúir a Tharraingt

Tuaisceart Éireann: Na hEalaíona; Líníocht agus Dathú, úsáid TFC

Is áis iontach é an póstaer maidir le haird a tharraingt ar an athrú aeráide. Spreag na daltaí le go ndéanfaidís póstaer a dhearadh agus a chur ar taispeáint ar scoil nó i measc an phobail. Cuir isteach ar Chomórtas Póstaer Thrócaire. Tá na sonraí ar fáil ar chúl an phóstaer atá ag gabháil leis an bpaca

An Duais 'Domhan Níos Fearr'

Aithníonn an duais seo an cion oibre a dhéanann na mic léinn agus iad ag gabháil tríd an acmhainn oideachais seo. Déan an obair seo a thaifead agus cuir ar aghaidh chuig Trócaire ag deireadh an Charghais é. Bronnfar teastais agus suaitheantais ar do chuid daltaí mar chomhartha aitheantais ar an obair a rinneadar. Tá sonraí breise ar fáil ar chúl an phóstaer atá ag gabháil leis an bpaca seo, nó téigh chuig: trocaire.org/education/school-projects.

Comórtas Filíochta

Poblacht na hÉireann: Béarla – Forás Mothúchánach agus Samhlaíoch Teanga; Scríobh

Tuaisceart Éireann: Teanga agus Litearthacht; Scríobh – Cumas Cognaíoch Teanga a Fhorbairt; Forás Mothúchánach agus Samhlaíoch Teanga

Spreag na daltaí leis an méid a d'fhoghlaim siad faoin gceartas aeráide a chur i bhfoirm dháin. Bhuaigh an dán iontach thíos 'Athrú sa Timpeallacht' duais i rannóg na sinsear (Bunscoileanna) i gcomórtas filíochta Trócaire/Poetry Ireland anuraidh, 2015. Léigh do na daltaí é. Iarr orthu a gcuid dánta féin a scríobh. Téigh chuig: trocaire.org/poetry le heolas a fháil faoi chur isteach ar chomórtas na bliana seo. Comhghairdeas leis an bhfile Patrick Barrett, Rang a Sé, Scoil Náisiúnta Shúmhaí, Co. Shligigh!

Athrú sa Timpeallacht

*Tá an teocht ag ardú,
Na farraigí chomh maith,
Níl bád ar bith agam
Conas a éalóidh mé?*

*Bogadh go Críoch Lochlann?
Cónaí in áit fhuar shneachtúil?
Le hardú teochta,
Imeoidh sé sin chomh maith.*

*Má dhéanaim athchúrsáil,
Na soilse a mhúchadh im' dhiaidh,
Crann nó dhó a chur,
An gcabhródh sé sin, b'fhéidir?*

*Tá athrú sa timpeallacht,
Ní féidir éalú uaidh,
Conas a mhíneofar
An tubaiste seo don óige?*

Patrick Barrett



Tá breis eolais faoi na comórtais ar fáil ag trocaire.org/education/school-projects



Cuirigí bhur ndánta isteach leis an iarracht don duais 'Domhan Níos Fearr'.



Má dhéantar gearradh siar suntasach ar na gáis CO₂ d'fhéadfaí arduithe i dteocht an domhain a choimeád faoi bhun 2°C i gcomparáid leis na leibhéil réamh-thionsclaíoch.⁵

5. IPCC AR5, grúpa oibre 3, www.ipcc.ch/index.htm


Is é Trócaire an áisíneacht forbartha thar lear den Eaglais Chaitliceach in Éirinn

Tá ábhar breise ar fáil ag: trocaire.org/education


Déan ábhar an cheartais dhomhanda a phlé leis an rang



Athrú Aeráide



Oideachas Criticiúil
Lítearthachta Agus Forbartha



Uisce

Bí linn ar

 Facebook: facebook.com/trocaireireland - bí linn

 Twitter: twitter.com/trocaire - na giolcacha is déanaí

 YouTube: youtube.com/trocaire - cabhraíonn sibh leis na daoine seo

 Flickr: flickr.com/trocaire - tá gailearaí na ngrianghraf anseo

 Vimeo: vimeo.com/trocaire - féach ar fhíseanna

Bí i dTeagmháil Linn

Maigh Nuad

Maigh Nuad Co. Chill Dara

Fón: 01 629 3333

Ríomhphost: Mary Boyce ag:
mary.boyce@trocaire.org

Corcaigh

9 Sr. an Chócaigh

Corcaigh

Fón: 021 4275622

Ríomhphost: corkcentre@trocaire.org

Baile Átha Cliath

12 Sr. na hArdeaglaise

Baile Átha Cliath 1

Fón: 01 874 3875

Ríomhphost: dublincentre@trocaire.org

Béal Feirste

50 Sráid an Rí


Béal Feirste BT1 6AD

Fón: 028 90 808 030

Ríomhphost: infoni@trocaire.org

Is í Lydia McCarthy a scríobh.

Trócaire, 2016

Ref: E8  Clóbhuailte ar pháipéar athchúrsáilte

Trócaire

Ag obair ar son na córa ar domhan.